





## TORTHAÍ FOGHLAMA

Beidh na daltaí in ann:


- Scrúdaigh na bealaí a bheidh ar fáil dóibh nuair a bheidh siad críochnaithe sa scoil agus sainaithean cé acu de na bealaí a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach dóibh.
- Déan amach cad iad na hábhair sa tsraith shóisearach a bhfuiltear in ann a dhéanamh sa scoil ina bhfuil siad chomh maith leis na nithe nach mór iad a bheith curtha san áireamh agus na hábhair á roghnú acu. Beidh siad ag tosú ag déanamh amach cad iad na hábhair atá oiriúnach dóibh chomh maith.
- Déan machnamh ar gach aon cheann de na gnéithe tábhachtacha atá i shaol an dalta agus ar na bealaí chun saol dea-chothromaithe a bhainistiú ag féachaint do na héilimh éagsúla atá ann agus dá gcuid spriocanna féin.



## SAMPLAÍ DEN TAITHÍ A BHÍONN AG DALTAÍ AR A BHEITH AG FOGHLAIM

- Déanfaidh na daltaí machnamh ar 'Roth Mór an tSaoil' agus tabharfaidh siad aird ar na gnéithe éagsúla dá saol agus ar an gcaoi a bhfuiltear ag éirí leis i dtaca leis na gnéithe éagsúla sin go léir.
- Déanfaidh na daltaí liosta de na roghanna a bheidh acu amach anseo agus a bheadh suim acu ar bhealach ginearálta a lua. Tabharfaidh siad faoi deara cén fáth a bhfuil spéis acu sna roghanna áirithe seo agus tabharfaidh siad faoi deara cén háit agus conas is féidir leo tuilleadh faisnéise a fháil faoi na roghanna seo
- Déanfaidh na daltaí póstaer 'Mé Féin A Chur I Láthair' ar a léireofar a luachanna, a gcuspóirí, a scileanna agus a roghanna uathúla srl atá aitheanta ag an dalta. Cuirfidh sé seo bonn eolais faoina slite beatha/roghanna saoil.

## NAISC LEIS AN TSRAITH SHÓISEARACH



Ráiteas ar an Fhoghlaim	Sampla den méid atá foghlamtha san Aonad atá gaolmhar leis
4. Déanann sé saothair ealaíne a chruthú agus a chur i láthair agus tuigeanann sé an próiseas agus na scileanna atá i gceist chun amhlaidh a dhéanamh.	Iarrtar ar na daltaí póstaer a dhéanamh chun iad féin agus a bhFoghlaim a Bhaineann le Treoir a chur in iúl. Spreagtar iad chun bealaí éagsúla a úsáid chun a dtréithe uathúla a chur in iúl. Agus póstaer á dhéanamh a léireofar iad mar dhaoine ar leith, beidh na daltaí in ann a thuiscint gur daoine aonair iad agus go bhfuil a slí féin le haimsiú acu sa saol.
23. In ann smaoineamh a thabhairt ón gcoincheap ar aghaidh le bheith curtha i gcrích.	Déanfaidh na daltaí plé ar an iliomad roghanna a bheidh acu tar éis dóibh a bheith críochnaithe sa scoil agus tosódh siad ag déanamh roghanna bunaithe ar an tuiscint seo. Mar shampla, tuigfidh na daltaí an tábhacht a bhaineann le rogha ábhair ar a gcosáin tar éis dóibh an scoil a chríochnú.
11. Gnómháíonn sé chun a fholláine, agus a shláinte féin, agus folláine agus sláinte daoine eile, a chosaint agus a chur chun cinn	Foghlaimoidh na daltaí faoi dhearcadh saoil cothrom agus faoin tionchar dearfach a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar a bhforbairt agus ar a bhfolláine.

NAISC LEIS AN TSRAITH SHÓISEARACH *ar leanúint*SÚIL GÉAR AR  
SCILEANNA  
RÍTHÁBHACHTACHA

Tá deiseanna ann tacú le go leor príomhscileanna san aonad seo ach tá na rudaí seo a leanas go han-tábhachtach ar fad:

Scil lárnach	Sampla de ghníomhaíocht foghlama don dalta a d'fhéadfadh a dhéanamh
Mé féin a bhainistiú	Gheobhaidh na daltaí amach faoi na scileanna atá acu agus faoi na scileanna ar mhaith leo iad a fhorbairt amach anseo.
Ag coinneáil slán	Foghlaimoidh na mic léinn an tábhacht a bhaineann le cur chuige cothrom a bheith agat i leith an tsaoil. Tuigfidh siad nach n-éiríonn go maith le gach gné de shaol an duine an t-am ar fad agus gur gnách go n-athraítear roghanna uaireanta.
Eolas agus Smaointe a Bhainistiú	Trí bheith fiosrach fúthu féin, déanfaidh na daltaí faisnéis fúthu féin a bhailiú, a thaifeadadh agus a chur in eagar. Déanfaidh na daltaí machnamh ar cé hiad féin mar dhuine agus ar cad é ann tionchar atá aige sin ar na bealaí agus roghanna atá ann dóibh.

SÚIL GHÉAR  
AR THÁSCAIRÍ  
DEN  
FHOLLÁINE

Táscaire den Fholláine	Táscaire	Sampla den méid atá foghlamtha san Aonad atá gaolmhar leis
Athléimneach	An gcreidim féin gur féidir rath a bhaint amach má dhéantar obair chrua?	Sa cheacht 'Mo Roghanna' tugtar deis do na daltaí machnamh a dhéanamh ar na bealaí iomadúla a bheidh ann dóibh tar éis dóibh an scoil a chríochnú. Faigheann siad amach nach bhfuil aon chur chuige 'aon mhéid a oireann do chách' ann i dtaca leis sin agus gur féidir leo, ach iarracht a dhéanamh, an rogha a roghnaíonn siad dóibh féin a bhaint amach.
Responsible	An ngníomhaíonn mé chun mo fholláine, agus mo shláinte féin, chomh maith le folláine agus sláinte daoine eile, a chosaint agus a chur chun cinn?	Sa cheacht ar 'An Chothromaíocht Saoil Agam' déanann na daltaí machnamh ar an gcaoi ar féidir leo níos mó cothromaíochta a chur lena saol. Féachtar ar an bpictiúr níos leithne leis: cad iad na réimsí ina bhfuiltear ag déanamh go maith agus cad iad na réimsí a bhféadfadh aird áirithe a bheith ag teastáil uathu chun a bhfolláine féin, agus folláine daoine eile, a chur chun cinn.
Meas Orm	An mbraitheann mé go n-éistear liom agus go bhfuil ag daoine meas orm?  An léiríonn mé cúram agus meas ar dhaoine eile?	Sa cheacht 'Mé Féin A Chur I Láthair', déanann na daltaí póstaer ina gcuireann siad iad féin i láthair do dhaoine eile. Cuireann siad an póstaer seo i láthair ina ngrúpaí beaga agus tugann sé seo deis dóibh mothú go n-éistear leo agus go bhfuil meas orthu sa tslí ina bhfuil siad mar dhaoine. Caithfidh siad cúram agus meas a thaispeáint do dhaoine eile a dhéanann an cur i láthair.



## MEASÚNACHT

**Suimitheach:** Déanann na daltaí machnamh ar na roghanna ábhair a d'fhéadfadh siad a roghnú don tsraith shinsearach. Tá na daltaí in ann a mhíniú cén fáth ar roghnaigh siad na hábhair áirithe seo agus tagairt a déanamh dá scileanna / spéiseanna pearsanta agus dá spéiseanna nó dá gcuspóirí don todhchaí.



## ACMHAINNÍ AGUS NAISC GHRÉASÁIN ATÁ ÁISIÚIL

Tá acmhainní forbartha ag an NCGE i gcomhpháirtíocht le careersportal.ie chun tacú le múinteoirí an t-aonad foghlama seo a éascú, agus tá siad ar fáil le híoslódáil saor in aisce ag <https://www.ncge.ie/resources> agus ag [www.careersportal.ie](http://www.careersportal.ie)



**MO SCILEANNA**  
CAD IS SCIL ANN AGUS  
CÉN FÁTH A BHFUIL SIAD  
TÁBHACHTACH



## AIDHMEANNA



I gceacht an lae inniu beidh tú ag déanamh i mscrúdú ar:

- Cad is scil ann agus ar an fáth a bhfuil siad tábhachtach.

## TORTHAÍ



Faoi dheireadh an cheachta seo, beidh tú in ann:

- A mhíniú cad is scil ann.
- Tabhair samplaí den chaoi ar féidir do scileanna a aistriú chuig suíomhanna éagsúla.

# MO SCILEANNA

Den chéad dul síos...  
Cad is Scil ann?



## CAD IS SCIL ANN?

Is éard is scil ná rud atá tú in ann é a dhéanamh go maith:

Féadfar a bheith cuimsithe leis seo scileanna a bhfuil:

- oiliúint agat ina leith.
- siad forbartha agat as obair dheonach a dhéanamh.
- siad faighte agat as a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí sóisialta.

### Mar shampla:

Táim go maith ag an gcumarsáid. Labhraím le mo thuismitheoirí agus le mo chairde go measúil; bímse ag éisteacht le daoine agus bímse ag caint leo ar bhealach inar féidir leo mé a thuiscint go breá soiléir.

## CAD IS SCIL INAISTRITHE / SCIL BHOG ANN?

- Is éard is scil bhog ná scil atá forbartha agat agus ar féidir í a aistriú ó aon réimse amháin go dtí ceann eile.
- Is féidir chuile scil agus iniúlacht a aistriú - ag brath ar an réimse dá bhfuil siad á n-aistriú agus ar an réimse ónar tháinig siad.
- I dtaca leis sin, féadfar a chuimsiú: scileanna atá forbartha agat sa bhaile, le linn duit a bheith ar scoil, ag déanamh spóirt, ceoil, na drámaíochta, le linn duit a bheith ag obair go deonach, ag baint taitneamh a bhaint as do chuid caitheamh aimsire; is féidir aon rud ar bith atá déanta agat aistriú.
- Má tá tú in ann scil a úsáid i gcás amháin, ba cheart go mbeifeá in ann í a úsáid i gcás eile, i bpost mar shampla, fiú más rud é nach bhfuil an cuma air go bhfuil baint iomlán ag an bpost sin leis an taithí fostaíochta nó leis an taithí san oideachas atá agat.



**INIOMPARTHACHT  
SCILEANNA  
INAISTRITHE**

EISEAMLÁIR

MO SCILEANNA

## Scil Inaistrithe: AN OBAIR FOIRNE



Cén réimse ina bhfuil an scil seo in úsáid / forbartha agam?



**Ag glacadh páirt sa spórt foirne**



Cén réimsí ar féidir liom an scil seo a aistriú chucu?



**An Obair Grúpa le haghaidh an C.B.A.**

Cén réimse ina bhfuil an scil seo in úsáid / forbartha agam?



**Agus mé ag tabhairt cúraim agus tacaíochta do mo mhuintir féin sa bhaile**



Cén réimsí ar féidir liom an scil seo a aistriú chucu?



**A bheith mar chara maith do dhuine**


# CÉN FÁTH A BHFUIL SÉ CHOMH TÁBHACHTACH SIN ÁR SCILEANNA A SHAINAITHINT?

- Agus tú ag cur isteach ar phost, ba cheart duit cuimhneamh ar thagairt a dhéanamh do do scileanna sa litir iarratais nó i do CV.
- Ba cheart go mbeadh baint ag na scileanna sin leis an bpost a bhfuil tú ag cur isteach air.
- Tá taithí agus scileanna agaibh go léir nach mbeidh riachtanach don phost ar leith atá i gceist... caithfidh tú do scileanna a shainaithint agus a mhíniú conas is féidir leat iad a chur chun tairbhe in aon ghairm.
- Ná déan dearmad ar go mbeidh na fostóirí ag smaoineamh ar an acmhainneacht atá ionat. Smaoinigh go cúramach ar na cineálacha scileanna is mian leat béim a leagan orthu agus roghnaigh cásanna samplacha lenar féidir leat do chuid scileanna éagsúla a léiriú.

**Más féidir leat  
scil a úsáid  
anois - seans  
go bhféadfá é a  
úsáid uair eile  
amach anseo**



# SCILEANNA ATÁ AGAT CHEANNA FÉIN





# CUID DE NA SCILEANNA A MBÍONN FOSTÓIRÍ DÁ N-IARRAIDH:

## An Chumarsáid Bhéil:

Faisnéise agus smaointe a mhalartú, a chur in iúl agus a léiriú.

## An Treallús:

Na rudaí sin is gá a dhéanamh de do dheoin féin; a bheith mar Cheannaire.

## Eitic Oibre Láidir:

Cleachtais a chuireann timpeallachtaí oibre éifeachtúla agus éifeachtacha chun cinn.

## An Obair Foirne:

Caidrimh dearfacha daonna in idirghníomhaíochtaí grúpa.

## Cumas Anailíseach:

An cumas chun fadhbanna agus coincheapa casta a shamhlú agus a réiteach.





# FÉACHAIMIS AR SCILEANNA INAISTRITHE GO GAR-AMHAIRC

**Oscail an bhileog oibre um  
'SCILEANNA INAISTRITHE'**



**Conas do scileanna inaistrithe  
a aithint agus fáil amach cad  
iad na buanna sin atá agat  
ach atá faoi cheilt**

# SÚIL SIAR

## An bhfuil tú in ann...

- A mhíniú cad is scil ann.
- samplaí den chaoi a bhfuiltear in ann do scileanna a aistriú chuig suíomhanna éagsúla.

**MO SCILEANNA - BILEOG OIBRE**

# SCILEANNA

Agus tú ag tosú amach ar ghairm a aimsiú, tá sé tábhachtach go mbeidh tú ar an eolas faoi na scileanna inaistrithe atá forbartha agat tú le himeacht ama. Is é an chéad chéim chun é sin a dhéanamh ná machnamh a dhéanamh ar na scileanna go léir atá agat cheana féin, agus na scileanna a d'fhoghlaim tú ar scoil, sa bhaile, agus tú ag obair ar bhonn deonach san áireamh leis sin, chomh maith leis na scileanna atá agat ón spórt agus ó chúrsaí cruthaitheacha srl. Is féidir na scileanna sin a chur chun tairbhe sa timpeallacht oibre.

Is iad na cúig chatagóir is mó tábhacht ná:

**An Chumarsáid Bhéil:**

Faisnéise agus smaointe a mhalartú, a chur in iúl agus a léiriú.

**An Obair Foirne:**

Caidrimh dhaonna dhearfacha in idirghníomhaíochtaí grúpa.

**Cumas Anailíseach:**

An cumas chun fadhbanna agus coincheapa casta a shamhlú agus a réiteach.

**Eitic Oibre Láidir:**

Cleachtas a chuireann timpeallachtaí oibre éifeachtúla agus éifeachtacha chun cinn.

**An Treallús:**

Na rudaí sin is gá a dhéanamh a dhéanamh de do dheoin féin; a bheith mar Cheannaire.



MO SCILEANNA - BILEOG OIBRE

SCILEANNA INAISTRITHE  
A THUISCINT

Meitseáil na scileanna leis na catagóirí cearta ag seo thíos

SCILEANNA:

Ag labhairt go héifeachtúil	Smaointe a Chruthú	An Choimhlint a Bhainistiú	Ag smaoineamh go criticiúil	Freagracht a Ghlacadh as Rudaí
Fadhbanna a Réiteach	An Bhainistíocht Ama	An Comhoibriú	Smaointe a Chur in Iúl	Imscrúdú a Dhéanamh
Spriocanna a Bhaint Amach	Tacaíocht agus Cúram a Thabhairt	Faisnéis a Thuairisciú	An Smaoineamh Criticiúil	An Bhainistíocht agus an Mhaoirseacht
Spriocdhanna a Leagan Síos agus a Bhaint Amach	Ag Ríomh agus ag Déanamh Comparáide	A Bheith Spreagúil	Cur i Láthair a Dhéanamh	An Fhreagracht a Thairmligean
Measúnú a Dhéanamh	Réimsí a bhfuil Gá lad a Fheabhsú a Shainaitheint	Cinntí a Dhéanamh	Ag Comhoibriú	An Cumas Chun Scríobh Go Cruinn Beacht

CATAGÓIRÍ:

An Chumarsáid Bhéil	An Obair Foirne	Cumas Anailíseach	Eitic Oibre Láidir

# M'FHIOSRÚCHÁN AR GHAIRMEACHA ÉAGSÚLA



**M'FHIOSRÚCHÁN AR GHAIRMEACHA**  
**ÉAGSÚLA - BILEOG OIBRE**

**AG SMAOINEAMH**  
**FAOI GHAIRMEACHA**  
**ÉAGSÚLA**

**FAISNÉISIÚ**

- Tá cinneadh déanta agat féin agus ag an ngrúpa ina bhfuil tú carthanas nua a bhunú agus a réachtáil le chéile.
- Tá tú chun foireann chúigear daoine a bheith agaibh, agus na cáilíochtaí, na scileanna agus an t-eolas ceart acu, agus ansin tá sibh chun an carthanas a chur i mbun feidhme.
- Tá bronntóir flaithiúil agat chun an t-airgead a theastaíonn uaibh a sholáthar sa chéad chúpla bliain ionas gur féidir libh an carthanas a chur ar bun agus tuarastal a íoc libh féin.
- Ina dhiaidh sin, áfach, beidh ort an t-airgead a bhailiú a theastaíonn chun an carthanas a choinneáil ag dul agus do thuarastail a íoc.
- Tá ról éagsúla poist ag teastáil chun carthanas a réachtáil.
- Tá tú féin agus do chuid cairde tar éis cinneadh a dhéanamh post ar leith a ghlacadh, le cúraimí ar leith.
- Gheobhaidh gach aon chara na cáilíochtaí agus/nó an oiliúint a theastaíonn uathu chun an post sin a dhéanamh agus taithí cúpla bliain a fháil sa phost ag obair d'fhostóir difriúil sula gcuirtear an carthanas i mbun.



# AN CHOTHROMAÍOCHT SHAOIL AGAM





AN CHOTHROMAÍOCHT SHAOIL AGAM  
- BILEOG OIBRE

ROTH MÓR AN  
TSAOIL

Déan do leibhéal sástachta a rátáil i ndáil le gach aon cheann de na réimsí seo.



1 = thar a bheith míshásta



10 = thar a bheith sásta

**Scoil:**

An taithí fhoriomlán ar a bheith sa rang agus a bheith i gcuideachta do chuid cairde

**Gráid:**

Cé chomh sásta (nó míshásta) atá tú leis na gráid atá faighte agat?

**Do Mhuintir:**

Na daoine a bhfuil cónaí ort i gcuideachta leo.

**Cairde:**

Cairde maithe a bheith agat.

**An tSláinte:**

Cé chomh sláintiúil a bhraitheann tú, an méid aclaíochta a dhéanann tú agus an aiste bia atá agat.

**An Spraoi:**


An méid spraoi a bhíonn agat.

**Do Sheomra:**

Cé chomh néata nó chomh mínéata is atá do sheomra agus cé chomh sásta atá tú leis.


**Caithimh Aimsire:**

An bhfuil caitheamh aimsire agat agus an bhfuil tú sásta leis an gcaitheamh aimsire seo?



AN CHOTHROMAÍOCHT SHAOIL AGAM  
- BILEOG OIBRE

**SAMPLA  
ROTH MÓR AN  
TSAOIL**





## AIDHMEANNA



Sa cheacht seo, déanfaidh tú:

- Machnamh ar ghnéithe tábhachtacha de do shaol agus fiosrófar faoi an bhfuil tú ag maireachtáil saol atá go maith ‘cothrom’.
- Machnamh ar ghnéithe de do shaol ar mhaith leat iad a athrú / a fheabhsú i d’fhonn a bheith níos sona agus níos rathúla.
- Machnamh ar an bhfáth go bhfuil ag éirí go maith leat i ndáil le gnéithe ar leith de do shaol nó a bhfuil gnéithe ar leith de do shaol ann a bhfuil níos mó airde a bheith tugtha dóibh, agus conas is féidir iad a fheabhsú.

## TORTHAÍ



Faoi dheireadh an cheachta seo, beidh tú in ann:


- Na réimsí i do shaol nach bhfuil cothromaithe a shainaithint.
- A tabhairt faoi deara cé chomh sásta agus atá tú i ngach gné de do shaol.
- Gnéithe de do shaol féin ar mhaith leat iad a athrú nó a fheabhsú d’fhonn a bheith níos sona agus níos rathúla.

# CEISTEANNA CHUN TEACHT ISTEACH AR AN ÁBHAR

Pléigh an coincheap ‘an chothromaíocht shaoil’ leis an duine atá ag suí aice leat agus ansin déanaigí plé faoi an mbraitheann tú go bhfuil saol cothrom agat féin.



# AN BHFUIL A FHIOS AGAT?



Is annamh a thógann daltaí, nó aon duine ar bith, a ndóthain ama sa saol laethúil chun sos a ghlacadh agus féachaint siar ar a shaol ar bhealach níos leithne chun é a mheas ina iomláine.

INNIU, BEIMID AG  
FÉACHAINT AR AN  
MÓRPHICTIÚR



# CAD IAD NA RÉIMSÍ TÁBHACHTACHA I DO SHAOL?

Mar shampla:

An Scoil

Gráid

Cúrsaí  
sa  
bhaile

Cairde

Caithimh  
Aimsire  
srl.







Inniu, táimid chun na réimsí seo a scrúdú agus smaoineamh ar cad iad na réimsí a bhfuil tú sásta leo agus chun roinnt réimsí a shainaithint ar cheart aird áirithe a thabhairt dóibh, b'fhéidir!

# ROTH MÓR AN TSAOIL



- Sa saol gnóthach seo, is féidir leis a bheith deacair a fhios a bheith againn conas atá ag mothú ionat féin i ndáiríre. Is gnách linn breathnú ar ár saol - agus a rá “Ó sea, táim sásta”. Ach nuair a dhéantaimid mionscrúdú ar mhionsonraí ár saoil, is minic a bhíonn míshástachtaí ann, chomh maith le réimsí ar féidir iad a fheabhsú. Is uirlis iontach é Roth Mór an tSaoil chun cabhrú leat tuiscint a fháil ar na réimsí ar cheart duit aire a thabhairt dóibh - agus na réimsí sin atá foirfe ar fad cheana féin.
- Oibríonn an uirlis seo toisc go dtugtar léargas físiúil gasta ar cé chomh sásta agus atá tú le do shaol.
- Trí féachaint ar an scóráil a fhaigheann tú le gach aon deighleog ar an roth, is féidir fáil amach cad iad na réimsí i do shaol a mbraitheann tú go maith fúthu - agus cad iad na cinn a d’fhéadfá roinnt oibre a dhéanamh chun iad a fheabhsú.
- Is é an chéad chéim eile ná plean gníomhaíochta a chur le chéile, agus tús áite tugtha do na réimsí sin de do shaol ina bhfuil na scóir is ísle. Is é an sprioc atá ann ná bearta a shainaitheint chun do leibhéil sástachta a ardú, ionas go mbeidh saol sona sásta agat

# ROTH MÓR AN TSAOIL


Déan do leibhéal sástachta a rátáil i ndáil le gach aon cheann de na réimsí seo.



1 = thar a bheith míshásta



10 = thar a bheith sásta



**An Scoil:** Do thaithí fhoriomlán ar a bheith sa rang agus a bheith i gcuideachta do chuid cairde.

**Gráid:** Cé chomh sásta (nó míshásta) atá tú leis na gráid atá faighte agat?

**Do Mhuintir:** Na daoine a bhfuil cónaí ort i gcuideachta leo.

**Cairde:** An bhfuil cairde maithe agat.


**An tSláinte:** Cé chomh sláintiúil a bhraitheann tú, an méid aclaíochta a dhéanann tú agus an aiste bia atá agat.

**An Spraoi:** An méid spraoi a bhíonn agat.

**Do Sheomra:** Cé chomh glan nó chomh praiseach atá do sheomra agus cé chomh sásta atá tú leis.

**Caithimh Aimsire:** An bhfuil caitheamh aimsire agat agus an bhfuil tú sásta leis an gcaitheamh aimsire seo?

**ROTH MÓR AN  
TSAOIL  
EISEAMLÁIR**



# AGUS ANOIS.... AM CHUN ROINNT MACHNAIMH A DHÉANAMH


Déan machnamh ar AN FÁTH ar tugadh an uimhir rátála ar leith do na catagóirí go léir agus CONAS is féidir gach aon chatagóir a fheabhsú.



# GAIRM CHUN GNÍMH



Ionas saol níos cothroime, lánsásta a bheith agat, roghnaigh aon aidhm amháin as gach aon chatagóir agus cuir plean gníomhaíochta le chéile ina leagfar amach an chaoi a mbainfidh tú an aidhm seo amach!



# AN MÉID ATÁ FOGHLAMTHA A ATREISIÚ


## An bhfuil tú in ann...

- A tabhairt faoi deara cé chomh sásta agus atá tú i ngach gné de do shaol.
- Na réimsí i do shaol nach bhfuil cothromaithe a shainathint.
- Gnéithe de do shaol féin ar mhaith leat iad a athrú nó a fheabhsú d'fhonn a bheith níos sona agus níos rathúla.

**M'FHIOSRÚCHÁN AR GHAIRMEACHA ÉAGSÚLA - BILEOG OIBRE**

**TASC 1**

Déan cinneadh cén cineál carthanachta ar mhaith leat a chur ar bun agus tabhair ainm dó.



**TASC 2**

Déan cinneadh faoi na poist éagsúla a bheidh ag teastáil uait chun an carthanacht a chur i mbun feidhme.



M'FHIOSRÚCHÁN AR GHAIRMEACHA  
ÉAGSÚLA - BILEOG OIBRE

TASC 3

I ndáil le gach aon cheann de na poist sin, déan scrúdú ar na rudaí seo a leanas:

An Post:

A. Cad iad na Scileanna atá oiriúnach don phost?

Scil:

An Fáth?

Scil:

An Fáth?

Scil:

An Fáth?

B. Cad iad na cáilíochtaí (más ann dóibh) a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uait chun an post seo a fháil?

C. Cén taithí oibre a d'fhéadfadh a bheith áisiúil don phost seo?

An Post:

A. Cad iad na Scileanna atá oiriúnach don phost?

Scil:

An Fáth?

Scil:

An Fáth?

Scil:

An Fáth?

B. Cad iad na cáilíochtaí (más ann dóibh) a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uait chun an post seo a fháil?

C. Cén taithí oibre a d'fhéadfadh a bheith áisiúil don phost seo?

**M'FHIOSRÚCHÁN AR GHAIRMEACHA ÉAGSÚLA - BILEOG OIBRE**

**An Post:**

**A.** Cad iad na Scileanna atá oiriúnach don phost?

Scil:

An Fáth?

Scil:

An Fáth?

Scil:

An Fáth?

**B.** Cad iad na cáilíochtaí (más ann dóibh) a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uait chun an post seo a fháil?

**C.** Cén taithí oibre a d'fhéadfadh a bheith áisiúil don phost seo?

**An Post:**

**A.** Cad iad na Scileanna atá oiriúnach don phost?

Scil:

An Fáth?

Scil:

An Fáth?

Scil:

An Fáth?

**B.** Cad iad na cáilíochtaí (más ann dóibh) a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uait chun an post seo a fháil?

**C.** Cén taithí oibre a d'fhéadfadh a bheith áisiúil don phost seo?

**M'FHIOSRÚCHÁN AR GHAIRMEACHA ÉAGSÚLA - BILEOG OIBRE**

**An Post:**

**A.** Cad iad na Scileanna atá oiriúnach don phost?

Scil:

An Fáth?

Scil:

An Fáth?

Scil:

An Fáth?

**B.** Cad iad na cáilíochtaí (más ann dóibh) a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uait chun an post seo a fháil?

**C.** Cén taithí oibre a d'fhéadfadh a bheith áisiúil don phost seo?

**An Post:**

**A.** Cad iad na Scileanna atá oiriúnach don phost?

Scil:

An Fáth?

Scil:

An Fáth?

Scil:

An Fáth?

**B.** Cad iad na cáilíochtaí (más ann dóibh) a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uait chun an post seo a fháil?

**C.** Cén taithí oibre a d'fhéadfadh a bheith áisiúil don phost seo?

**M'FHIOSRÚCHÁN AR GHAIRMEACHA ÉAGSÚLA - BILEOG OIBRE**

**An Post:**

**A.** Cad iad na Scileanna atá oiriúnach don phost?

Scil:

An Fáth?

Scil:

An Fáth?

Scil:

An Fáth?

**B.** Cad iad na cáilíochtaí (más ann dóibh) a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uait chun an post seo a fháil?

**C.** Cén taithí oibre a d'fhéadfadh a bheith áisiúil don phost seo?

**An Post:**

**A.** Cad iad na Scileanna atá oiriúnach don phost?

Scil:

An Fáth?

Scil:

An Fáth?

Scil:

An Fáth?

**B.** Cad iad na cáilíochtaí (más ann dóibh) a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uait chun an post seo a fháil?

**C.** Cén taithí oibre a d'fhéadfadh a bheith áisiúil don phost seo?

## AIDHMEANNA



Sa cheacht seo, beidh tú ag:

- Cur tús le fiosrúchán a dhéanamh ar chineálacha post éagsúla agus ar na scileanna a bhíonn ag teastáil uathu.
- Cur leis an raon samhlaíochta atá agat féin tríd a bheith neamhchosanta roimh rogha de phoist éagsúla, chomh maith leis na scileanna, cáilíochtaí agus taithí oibre a bhíonn ag teastáil chun a leithéid de phost a fháil.

## TORTHAÍ



Faoi dheireadh an cheachta seo, beidh tú in ann:

- Róil éagsúla in eagraíochtaí carthanachta a shainaithint.
- Na scileanna a bhíonn ag teastáil chun na poist sin a fháil a luadh.
- Cáilíocht a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil le haghaidh ról poist áirithe a shainaithint.
- Samplaí de chúiseanna gur féidir leis an taithí oibre a bheith áisiúil a luadh.

# TABHAIR DO D'AIRE

## Tabhair do d'aire

d'fhéadfadh sé a bheith áisiúil do na daltaí rochtain a bheith acu ar an idirlíon le haghaidh an cheachta seo!



## MIONFHAISNÉIS DO NA DALTAÍ



- Tá cinneadh déanta agat féin agus ag an ngrúpa ina bhfuil tú carthanas nua a bhunú agus a réachtáil le chéile.
- Tá tú chun foireann cúigear daoine a bheith agaibh, agus na cáilíochtaí, na scileanna agus an t-eolas ceart acu, agus ansin tá sibh chun an charthanas a chur i mbun feidhme.
- Tá bronntóir flaithiúil agat chun an t-airgead a theastaíonn uaibh a sholáthar sa chéad chúpla bliain ionas gur féidir libh an carthanas a chur ar bun agus tuarastal a íoc libh féin.
- Ina dhiaidh sin, áfach, beidh ort an t-airgead a bhailiú a theastaíonn chun an carthanas a choinneáil ag dul agus do thuarastail a íoc.
- Tá ról éagsúla poist ag teastáil chun carthanas a réachtáil.
- Tá tú féin agus do chuid cairde tar éis cinneadh a dhéanamh post ar leith a ghlacadh, le cúraimí ar leith.
- Déanfaidh gach cara iniúchadh ar na scileanna agus na cáilíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun an obair a dhéanamh a ról sin.

# TASC 1

Déan cinneadh  
cén cineál carthanachta ar  
mhaith leat a chur ar bun  
agus tabhair ainm dó.



Roinnt smaointe sna  
sleamhnáin ag seo a  
leanas....





**Peter  
McVerry  
Trust**

Opening doors for  
homeless people



**Freastalaíonn Iontaobhas  
Peter McVerry ar dhaoine  
gan dídean i gcathair Bhaile  
Átha Cliath**

Cad iad na ról atá de  
dhíth in Iontaobhas  
Peter McVerry?



**ISPCA**  
CARING FOR ALL ANIMALS



**Bíonn an ISPCA ag obair ar an líne thosaigh maidir le leas ainmhithe in Éirinn.**

**Tugann siad freagra do líomhaintí maidir leis an gcruálacht, an fhaillí agus mhí-úsáid agus chomh maith leis sin bíonn siad ag cabhrú le hainmhithe atá breoite agus gortaithe. I bhformhór mór na gcásanna, aimsíonn ár n-oifigigh leasa ainmhithe réiteach ar fhorhór na bhfadhbanna as a bheith ag obair i gcomhar le úinéirí an ainmhí / na n-ainmhithe atá i gceist.**

Cad iad na rólí atá de dhíth san ISPCA?





**Ag tabhairt aire do dhaoine a bhfuil an ailse orthu**

Cad iad na rólí atá de dhíth i gCumann Ailse na hÉireann?





**Cuireann Down Syndrome Ireland tacaíocht agus seirbhísí ar fáil do dhaoine i ngach cearn den tír a bhfuil siondróm Down orthu agus dá dteaghlaigh.**

Cad iad na ról atá de dhíth in Down Syndrome Ireland?

## SAMARITANS

**Cuireann na Samáraigh seirbhís tacaíochta mhothúcháinach ar fáil, agus an rud suntasach faoi ná go bhfuil an tseirbhís sin ar fáil an lá ar fad, seacht lá in aghaidh na seachtaine.**



Cad iad na ról de dhíth ag na Samáraigh?





Society of St Vincent de Paul



Cad iad na ról de dhíth  
i gCumann Naomh  
Uinseann de Phól?





## TASC 2

- Ag seo thíos, liosta de na róil poist a fhaightear i gcarthanais i gcoitinne.
- Déan cinneadh faoi na poist éagsúla a bheidh ag teastáil uait chun an carthanacht a chur i mbun feidhme.
- Ag brath ar cad is cuspóir an charthanais, is dócha go mbeidh roinnt post ann a bheidh ag teastáil uaibh ach nach bhfuil luaite sa liosta thíos.
- Mar shampla, má dhéileálann an carthanas le hainmhithe breoite nach bhfuil ar a n-úinéirí in acmhainn íoc astu, beidh tréidlia ag teastáil uaibh. Má fhorbraíonn an carthanas agaibh teicneolaíochtaí nua fuinnimh in-athnuaite, beidh innealtóir ag teastáil uaibh.



## RÓIL PHOST

Tá sé de rogha agaibh na rólí ar mhian libh a bheith i do charthanas a roghnú, ach seans go mbeadh na rólí seo a leanas úsáideach.

**Bainisteoir**

**Oibrí  
Sóisialta**

**Oibrí  
Cumarsáide**

**Acmhainní  
Daonna**

**Cuntasóir**

**An Riarachán**

**Imeachtaí  
Ríomhaire**

**Pobail  
Bainisteoir**

**Síceolaí**

**Tréidlia**

**An  
Mhargaíocht**

**Oibrí  
Speisialtóir  
Tacaíochta  
TF**

**Taighdeoirí  
i.e. Eolaí**

**Beartas  
Fógraíochta**

**Oifigeach**

**Múinteoir**



## TASC 3



I ndáil le gach aon cheann de na poist sin, déan pléigh maidir le:

- Cad iad na scileanna (3 cinn) a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil don ról seo?
- Cad iad na cáilíochtaí (más ann dóibh) a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uait chun an post seo a fháil?
- Cén taithí oibre a d'fhéadfadh a bheith áisiúil don phost seo?

## FAISNÉIS A ROINNT

Déanaigí bhur gcinntí agus bhur dtorthaí a roinnt leis an gcuid eile den rang, agus cuir in iúl dóibh an bhfuil spéis phearsanta agat in aon cheann de na gairmeacha ar pléadh.



# GAIRMEACHA A FHIOSRÚ - NODANNA CABHRACHA

## Poist a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uait don charthanas - nodanna



- **Ócáid Tiomsaithe Airgid** – chun an t-airgead a theastaíonn uait a bhailiú chun an carthanas a reáchtáil agus do phá agus costais eile a íoc
- **Cuntasóir** – chun aire a thabhairt don airgead nuair a bheidh sé agat
- **Cúraimí TF** – mar shampla anailísí tacaíochta TF (chun do theicneolaíocht a choinneáil ag feidhmiú) nó forbróir gréasáin (chun an cód a scríobh taobh thiar den láithreán gréasáin)
- **Bainisteoir margaíochta** – chun an charthanas a chur chun cinn i measc an phobail

# AN MÉID ATÁ FOGHLAMTHA A ATREISIÚ

## An bhfuil tú in ann...

- Róil éagsúla in eagraíochtaí carthanachta a shainaithint.
- Na scileanna a bhíonn ag teastáil chun na poist sin a fháil a luadh.
- Cáilíocht a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil le haghaidh ról poist áirithe a shainaithint.
- Samplaí de chúiseanna gur féidir leis an taithí oibre a bheith áisiúil a luadh.

# NA hÁBHAIR A ROGHNAÍM CONAS IS CEART IAD A ROGHNÚ?

EACNAMAÍOCHT

AN CEOL

AN FHRAINICIS

AN EALAÍN

AN BHITHEOLAÍOCHT

AN STAIR

AN CHEIMIC

AN GNÓ

AN TÍREOLAÍOCHT



**NA HÁBHAIR A ROGHNAÍM**  
- BILEOG OIBRE

# NA HÁBHAIR A ROGHNAÍM

**Cad iad na hábhair a bhfuil tú ag smaoineamh ar iad a roghnú, agus cén fáth?**

Ábhar:

An Fáth:

Ábhar:

An Fáth:

Ábhar:

An Fáth:

Ábhar:

An Fáth:



## AIDHMEANNA



Sa cheacht seo, beidh tú ag:

- Déanamh scrúdú ar an rogha ábhair sa tsraith shinsearach.
- Déanamh scrúdú ar na nithe nach mór iad a chur san áireamh agus na hábhair á roghnú againn don tsraith shinsearach.
- Fáil amach conas is féidir leat teacht ar thuilleadh eolais faoi na hábhair go léir.

## TORTHAÍ



Faoi dheireadh an cheachta seo, beidh tú in ann:

- Cinneadh níos eolasaí a dhéanamh maidir le conas na hábhair a roghnú.
- Na nithe nach mór iad a bheith curtha san áireamh agus na hábhair á roghnú againn don tsraith shinsearach a shainithint.
- Fáil amach conas is féidir leat teacht ar thuilleadh eolais faoi na hábhair sa tsraith shinsearach.



CAD IAD NA  
CINNÍ NACH  
MÓR DOM IAD A  
DHÉANAMH?



# AN ROGHA ÁBHAR ATÁ ANN

Tógann formhór daltaí seacht n-ábhar ardeistiméireachta ... ach, tá go leor bealaí éagsúla chun dul ann tríd an tsraith shinsearach.

